ARTS IN EDUCATION
Na hEalaíona san Oideachas

# Pobal Cleachtais

## STRAITÉIS THAIRSEACH NA NEALAÍON SAN OIDEACHAS, 2023 – 2027

**Straitéis cúig bliana Thairseach na nEalaíon san Oideachas, acmhainn náisiúnta na hÉireann i gcomhair ealaíona agus cruthaitheacht san oideachas**

# Réamhrá

Ceann de na cuspóirí i *gCairt na nEalaíon san Oideachas*, 2012, agus sa *Phlean Óige Ildánach*, 2017, ab ea Tairseach na nEalaíon san Oideachas a bhunú. Tá Tairseach na nEalaíon san Oideachas á mhaoiniú faoi Cholún 1 den *Chlár Éire Ildánach (Óige Ildánach)*, ar tionscnamh uile-rialtais cúig bliana cultúrbhunaithe é lena gcuirtear béim ar thábhacht na cruthaitheachta daonna d'fholláine an duine aonair, an phobail agus an náisiúin.

Rinneadh Tairseach na nEalaíon san Oideachas a fhorbairt agus a sheoladh in 2015. Sa lá atá inniu ann, is í an Tairseach an phríomhacmhainn chruthaitheach dhigiteach náisiúnta, agus í saindírithe ar idirghníomhú neadaithe idir cleachtóirí agus oideachasóirí cruthaitheacha a chur chun cinn agus a chothú. Mar thaca faoi fhorbairt na Tairsí, tá an chreidiúint láidir chomhroinnte go bhfuil luach intreach ag baint leis an gcruthaitheacht agus leis na healaíona i saol páistí agus daoine óga. Tá ról ag an Tairseach, tríd an inneachar a chomhroinntear tríthi, i dtaca leis an luach seo a chur chun cinn.

Is í an Tairseach, i gcónaí, an príomhshuíomh roghnachais le haghaidh acmhainní a léiríonn dea-chleachtas agus atá dírithe ar chomhtháthú na n-ealaíon agus na cruthaitheachta san oideachas. Leanfar den fhócas seo ar rannpháirtíocht an scoláire sa churaclam trí bhíthin foghlaim shaibhir bharántúil don 21ú haois agus lastall di, trí thuiscint a chur ar bhealaí chun tionchar ár gcuid oibre a fheabhsú agus chun teacht ar eolas úr i dtaca leis an ról tábhachtach ar féidir é a bheith ag an gcruthaitheacht agus ag an nuálaíocht i dtaca le clár oibre an athruithe oideachasúil in Éirinn. Cuireann an Tairseach leis an gcomhoibriú chun timpeallachtaí ranga agus oideachasúla a dhearadh ina mbeadh comhcheangal saoráideach an eolais, na nuálaíochta agus na cruthaitheachta le sonrú i gcur in iúl fhoghlaim na scoláirí.

Faoin Straitéis Tairsí 2023–2027 úr, a bheidh ag teacht leis an gcéad *Phlean Óige Ildánach* eile, 2023–2027, atá á fhorbairt i láthair na huaire, tá sé beartaithe go leanfar de na hiarrachtaí le háit na Tairsí a dhaingniú mar an chroíacmhainn náisiúnta dhigiteach don chleachtas ealaíon, cruthaitheachta agus oideachais in Éirinn.

Dr Katie Sweeney

Katie Sweeney
Cathaoirleach Choiste na Tairsí



# Achoimre Fheidhmeach

**Is céim chinniúnach é Plean Straitéiseach Thairseach na nEalaíon san Oideachas 2023 - 2027 agus muid ag forbairt ar rathúlacht na Tairsí le seacht mbliana anuas mar acmhainn agus mar phointe tagartha éigeantach chun tacú leis an gcleachtas ealaíon, cruthaitheachta agus oideachais in Éirinn. Tá an plean á threorú ag fís agus misean soiléir agus, mar bhonn faoi, tá croíluachanna na Nuálaíochta, na hIonchuimsitheachta agus an Ionracais. Tá leagtha amach ann ceithre chroíchuspóir tosaíochta don chéad chúig bliana eile.**

## Tosaíocht a hAon

**Cur leis an iontaoibh sa Tairseach mar acmhainn bhunúsach dár gcuid úsáideoirí**

Faoi thosaíocht a haon, díreofar an Tairseach ar an obair leantach chun leathnú ar a hinneachar agus ar a ríomhclárúchán, idir ar líne agus as líne, lena chinntiú go mbíonn na hacmhainní ar fáil aici agus na comhráite á gcothú aici is mó a rachaidh chun tairbhe don phobal. Mar chuid bhunúsach den obair seo, lorgófar aiseolas ar bhonn leanúnach ó phobal, ó chomhpháirtithe agus ó pháirtithe leasmhara na n-ealaíon agus na cruthaitheachta san oideachas le go bhféadfar a bheith ag oibriú ar bhonn comhsheasmhach d'fhonn inneachar na Tairsí a fheabhsú.

## Tosaíocht a Dó

**A chinntiú go mbíonn an Tairseach agus a cuid clár ionchuimsitheach agus go gceiliúrtar an ilchineálacht le gach aon pháiste agus duine óg in Éirinn a léiriú**

Ag croí thosaíocht a dó, tá an teoiric Bhéarla, 'you cannot be what you cannot see'. Tá an Tairseach meáite ar a chinntiú go dtugtar tosaíocht don inrochtaineacht agus don ilchineálacht. Ciallaíonn sé seo go mbeidh níos mó ilchineálachta le sonrú sa mhéid a léirítear in inneachar na Tairsí, agus beidh aird ar an gcaoi a gcuirtear ábhair i láthair d'fhonn bacainní roimh an inrochtaineacht a dhíbirt. Tá sé ríthábhachtach freisin go mbíonn guth an pháiste/an duine óig ag croí inneachar Thairseach na nEalaíon san Oideachas agus ag croí aon struchtúir chinnteoireachta dá cuid amach anseo.

## Tosaíocht a Trí

**Ról comhoibritheach a ghlacadh maidir le bheith ag tacú le agus ag cur i bhfeidhm na n-ealaíon/na cruthaitheachta san oideachas in Éirinn**

Díreofar tosaíocht a trí ar chomhpháirtíochtaí agus comhghuaillíochtaí comhoibritheacha na Tairsí a neartú ar fud na hearnála lena chinntiú go mbíonn an Tairseach ina hacmhainn straitéiseach, atá leabaithe go lárnach, i gcónaí don earnáil, chun guth a thabhairt do chleachtas na n-ealaíon agus na cruthaitheachta san oideachas in Éirinn agus lena chur chun cinn. Tacaíonn sé seo le braistint nascachta agus smaointeoireachta comhcheangailte ar fud na hearnála.

## Tosaíocht a Ceathair

**Pobal bríomhar ard-rannpháirteach ealaíon agus cruthaitheachta san oideachas a fhorbairt**

Faoi thosaíocht a ceathair, tá fócas ar an obair leanúnach chun pobal bríomhar cleachtais a fhorbairt ar líne agus as líne agus chun ár gceangal le lucht úsáidte na Tairsí a dhoimhniú trí réimse de thionscnaimh, lena n-áirítear clár forbartha agus oiliúna gairmiúla. Mar chuid d'obair na tosaíochta seo freisin, tá tionscnaimh chun cur le hinfheictheacht agus chun dul i gcion ar luchtanna úsáidte úra trí litríocht sprioc-dhírithe agus cainéil dhigiteacha.

*Labhraímid ar an gcoincheap seo de phobal, de chleachtas agus de chleachtóirí ach i ndáiríre, ceapaim gurb é atá éascaithe ag an gCairt agus gurb é atá á chur ar fáil ag Tairseach na nEalaíon san Oideachas ná deis chun an nóisean sin den phobal a réadú.*

**An tOllamh Gary Granville, Lá Náisiúnta Thairseach na nEalaíon san Oideachas 2020**

# Mar gheall ar Thairseach na nEalaíon san Oideachas

## Ár bhFís


Is é an fhís atá againn ná Éire a bheith againn ina mbeadh gach uile pháiste in ann é nó í féin a chur in iúl trí rochtain chothrom ar na healaíona agus ar an gcruthaitheacht san oideachas.

## Ár Misean

Is é an misean atá againn ná pobal rí-chomhoibritheach d'oideachasóirí, ealaíontóirí agus cleachtóirí cruthaitheacha a spreagadh d'fhonn eispéireas na n-ealaíon agus na cruthaitheachta a fheabhsú don uile pháiste san oideachas luathbhlianta, bunscolaíochta agus iar-bhunscolaíochta ar fud na tíre.

## Ár Luachanna

Mar bhonn agus mar thaca faoinár misean, tá croíluachanna na **Nuálaíochta**, na **hIonchuimsitheachta** agus an **Ionracais**. Agus eispéireas an pháiste/an duine óig ag croí gach dá ndéanaimid, bímid ar ár ndícheall tacú le pobal na n-ealaíon agus na cruthaitheachta san oideachas, ardán a thabhairt don bharr feabhais, luachanna ionchuimsitheacha a chur chun cinn agus múnlaí úra ilchineálacha rannpháirtíochta agus dea-chleachtais a léiriú.





# Cúlra

Ceann de chuspóirí Chairt na nEalaíon san Oideachas ab ea Tairseach na nEalaíon san Oideachas, a seoladh in 2013 mar chomhthionscnamh de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna agus na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, mar a bhí uirthi ag an am, agus iad ag obair i gcomhpháirt leis an gComhairle Ealaíon. B'ionann an Chairt agus cloch mhíle sa chomhoibriú tras-rannach i réimse na n-ealaíon agus an oideachais.

Ó shin i leith, tá obair shuntasach sa siúl d'fhonn soláthar na gníomhaíochta ealaíon a chur chun cinn taobh istigh agus taobh amuigh de scoileanna d'fhonn acmhainneacht chruthaitheach gach aon pháiste agus duine óig a fhorbairt. I láthair na huaire, maoinítear gnéithe de Chairt na nEalaíon san Oideachas faoi Cholún 1 den Chlár Éire Ildánach agus tá an straitéis seo á forbairt i gcomhthéacs an Phlean Óige Ildánach 2023–2027 a bheidh ag teacht isteach.

Is é is croíphrionsabal don Chlár Éire Ildánach ná go gcuirtear chun cinn, trí rannpháirtíocht i ngníomhaíocht chultúrtha agus chruthaitheach, folláine aonair, phobail agus náisiúnta. Aithnítear le Colún 1 gur gá cruthaitheacht páistí agus daoine óga a chothú i ngach gné dá saol ón mbreith i leith.

# Céard atá bainte amach ag an Tairseach?

**Sna seacht mbliana óna cur ar bun, tá an Tairseach tar éis dul i bhfeidhm ar an bpobal ar na bealaí seo a leanas:**

- Tá líon na ndaoine a úsáideann an Tairseach ar líne tar éis fás ó níos mó ná 9,000 sa chéad bhliain in 2015 go dtí beagnach 17,000 in 2021.
- As líne, agus go fíorúil, tá lucht na Tairsí tar éis fáilte a chur roimh 2,000 duine nach mór chuig imeachtaí Tairsí ó seoladh í.
- Tá breis agus 1,100 síntiúsóir gníomhach ag an nuachtlitir mhíosúil mar aon le meánráta oscailte de 40%.

De réir mar a dhéantar an Tairseach a fhorbairt bliain i ndiaidh bliana, tá pobal na n-ealaíontóirí agus na múinteoirí, ar bhonn náisiúnta agus réigiúnach, ag fás. Agus tá ról na Tairsí mar acmhainn agus mar phointe tagartha éigeantach chun tacú leis an gcleachtas ar líne agus as líne ag éirí níos leabaithe mar chuid den chleachtas leanúnach.

### Cad a chiallaíonn cruthaitheacht agus an próiseas cruthaitheach i gcomhthéacs na Tairsí?

Cuimsíonn an chruthaitheacht na healaíona agus gach cleachtas cruthaitheach níos leithne. I gCairt na nEalaíon san Oideachas (2012), arbh í ba bhunús leis an Tairseach, cuirtear an dearcadh inár láthair nach scil ná próiseas intleachtúil aisti féin atá sa chruthaitheacht, ach inniúlacht a mbaineann impleachtaí móra don fholláine phearsanta le hí a bheith ann nó gan a bheith ann.


Mena

*San oideachas, is ionann an chruthaitheacht agus an úsáid a bhaineann páistí agus daoine óga as a gcuid inniúlachtaí samhlaíocha chun a smaointeoireacht a athrú agus chun teacht aníos le smaointe bunúla nuálacha agus le réitigh ar fhadhbanna. Baineann sé le páistí agus daoine óga a bheith ag dul i bpáirt le daoine eile chun iniúchadh agus hipitéisí a dhéanamh maidir le heolas atá ann cheana, tuairimí a cheistiú, iad a bheith ag spraoi le féidearthachtaí éagsúla agus a bheith ag dul sa seans.*[1]

Is ionann na healaíona agus ardán uathúil ar ar féidir bláth a theacht ar an nuálaíocht agus ar an gcruthaitheacht, agus is féidir agus is ceart an chruthaitheacht a bheith le sonrú i ngach disciplín agus gach timpeallacht foghlama. Is crann taca bunúsach in aon sochaí chruthaitheach é ealaíona/cruthaitheacht ardchaighdeáin san oideachas a sholáthar agus ba cheart go mbeadh an súgradh agus an tsamhlaíocht fite fuaite i ngach réimse den churaclam, ag gach leibhéal ón luathfhoghlaim agus an cúram leanaí go dtí an t-ardoideachas. Soláthraíonn gach foghlaim deiseanna chun an chruthaitheacht a chothú agus a fhorbairt.

## Guth an pháiste/an duine óig

Agus aird á tarraingt ar shamhlacha den dea-chleachtas le páistí agus daoine óga, tá sé éigeantach go mbíonn guth an pháiste/an duine óig ag croí inneachar Thairseach na nEalaíon san Oideachas. Tugtar áit lárnach do ghuthanna páistí agus daoine óga ar an Tairseach trí ghné-mhíreanna Tionscadail/Comhpháirtíochta, aoi-bhlaganna agus físeáin doiciméadúcháin; mar a labhraíonn siad go díreach ar a dtaithí ar an gcleachtas comhoibritheach i suíomhanna oideachasúla.

Tá leagtha amach sa Straitéis seo cuspóirí le go bhféadfar páistí agus daoine óga a dhéanamh rannpháirteach ar bhonn níos gníomhaí sna gnéithe cinnteoireachta den Tairseach, mar aon le hacmhainní tiomnaithe a fhorbairt a thacóidh le cleachtóirí chun éisteacht le agus gníomhú de réir ghuth agus tuairimí páistí agus daoine óga mar chuid den rannpháirtíocht chruthaitheach.

Mar thaca faoin obair seo chun guth a thabhairt do pháistí agus daoine óga sa chinnteoireacht, beidh ionad náisiúnta sármhaitheasa agus comhordaithe na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ), Hub na nÓg, mar aon leis an *Straitéis Náisiúnta um Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga sa Chinnteoireacht* (2015-2020), *Coinbhinsiúin na Náisiún Aontaithe um Chearta an Iinbh* agus an tsamhail rannpháirtíochta a d'fhorbair an tOllamh Laura Lundy in Ollscoil na Banríona.

1: Cigireacht na Roinne Oideachais, 2021, https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/1b90ce-none/

*Ceann de na rudaí a théann i bhfeidhm go mór ormsa ná an fuinneamh cruthanta, an díograis mhór atá le sonrú i leith an pholasaí agus, ar a bharr sin, i dtaca lena chur i bhfeidhm go praiticiúil ar scoil…Is é an rud a bhfuil mise ag súil leis ná go n-éascóidh an Tairseach agus an Chairt scaipeadh na díograise sin, le gur rud tógálach a bheidh inti, agus le do dtógfaidh na daoine eile go léir sna scoileanna an díograis sin freisin.*

**An tOllamh Anne Bramford, cainteoir ar Lá Náisiúnta Thairseach na nEalaíon san Oideachas, 2017**

# Lucht Úsáidte agus Téarmaí Tagartha na Tairsí

Is é is croí-lucht úsáidte don Tairseach ná: oideachasóirí agus ceannairí luathbhlianta, múinteoirí i suíomhanna scoile príomhshrutha agus speisialta, ceannairí scoile, múinteoirí/ealaíontóirí agus cleachtóirí cruthaitheacha eile. Cuimsíonn sé seo aon duine ar spéis leis nó léi a bheith ag comhoibriú le páistí agus daoine óga i nó thar ceann scoileanna, lena n-áirítear i gcomhthéacsanna ETIM agus traschuraclaim. Baineann sé freisin leis na tionscail chruthaitheacha agus le coimeádaithe gailearaí, ionaid, ionad ealaíne agus féile agus le bainisteoirí oideachais a chruthaíonn cláir do scoileanna.

Bunaíodh an Tairseach le freastal ar na Luathbhlianta, ar Bhunscoileanna agus ar Iar-bhunscoileanna agus cé go bhfuil sí ag teacht leis an bPlean Óige Ildánach 2017–2022, beidh téarmaí tagartha dá cuid féin fós ag an Tairseach a fhad le cohórt agus aoisghrúpa na Sraithe Sinsearaí, agus iad san áireamh, rud a chuimsíonn Ógtheagmháil agus roinnt cohórt Comhpháirtíocht Óige Ildánach Áitiúil. Ní chuimsíonn sé Breisoideachas agus Ardoideachas.





# Inneachar na Tairsí

Tugann Tairseach na nEalaíon san Oideachas léargas dúinn ar ilchineálacht, doimhneacht agus leithead an chleachtais ealaíon agus an chleachtais chruthaithigh san oideachas atá ag titim amach ar fud na tíre; agus tá sí tar éis ardán a chur ar fáil do roinnt tionscnamh suaitheanta ealaíona agus cruthaitheacht san oideachas atá i ndiaidh teacht chun cinn trí Chairt na nEalaíon san Oideachas agus trí Cholún 1 d'Éire Ildánach, Óige Ildánach.

Mar spás ar líne, déantar an Tairseach a nuashonrú ar bhonn seachtainiúil.

Ar na nithe atá le sonrú laistigh de **phríomhchreatlach inneachair** na Tairsí, tá:

- Eolaire cuimsitheach lena mapáiltear an soláthar ealaíon san oideachas ar fud na tíre
- Tuarascálacha agus ábhar léitheoireachta barrthábhachtach lena leagtar amach comhthéacs na hearnála mar aon le creat stairiúil agus teoiriciúil i dtaca lena forbairt le daichead bliain anuas
- Gné-mhíreanna tionscadail/comhpháirtíochta a chuireann ealaíontóirí/cleachtóirí cruthaitheacha agus múinteoirí a bhfuil baint acu le tionscadail reatha i suíomhanna oideachasúla isteach
- Nuacht, deiseanna agus imeachtaí

Ar an **ábhar coimisiúnaithe** ar an suíomh, tá:

- Sraith leanúnach de bhlaganna, arna gcur ar fáil ag Aoi-Bhlagálaithe, rud a sholáthraíonn réimse leathan de léargais agus de dhearcthaí cleachtas-bhunaithe ó gach cuid den earnáil
- Aistí criticiúla a cheistíonn agus a bhailíochtaíonn cleachtas na n-ealaíon/na cruthaitheachta san oideachas trí lionsa acadúil, taighde-bhunaithe nó teoiriciúil
- Físeáin úrchoimisiúnaithe lena bhfiosraítear foirmeacha ealaíne, próiseas agus cleachtas le healaíontóirí comhaimseartha de chuid na hÉireann
- Gné-fhíseáin tionscadail, arna bhforbairt trí dhámhachtainí doiciméadúcháin

As líne, tá comhdháil bhliantúil na Tairsí, **Lá Náisiúnta Thairseach na nEalaíon san Oideachas**, ina imeacht suaitheanta tábhachtach anois i bhféilire an Fhómhair do phobal na n-ealaíon/na cruthaitheachta san oideachas. Téann **Lá Réigiúnach Tairsí an Earraigh** i gcion ar an bpobal freisin ag leibhéal réigiúnach chun an cleachtas a chomhroinnt agus a léiriú in áiteanna difriúla sa tír.



# Rialachas

Déanann Coiste Eagarthóireachta na Tairsí, a chuimsíonn ionadaithe de chuid na ngrúpaí páirtithe leasmhara ar a bhfreastalaíonn an Tairseach, maoirseacht ar rialachas Thairseach na nEalaíon san Oideachas. Tá ról comhairleach, eagarthóireachta agus straitéiseach ag Coiste Eagarthóireachta na Tairsí.

Is é an ról a bheidh ag Coiste Eagarthóireachta na Tairsí:

- Maoirsiú a dhéanamh ar agus tacú le hobair an Bhainisteora Tionscadail (Téarma Seasta) i dtaca le forbairt na Tairsí ó thaobh na ceannasaíochta de
- Tacú leis an mBainisteoir Tionscadail chun plean agus straitéis forfheidhmithe a fhorbairt le haghaidh fhorbairt an tsuímh
- Comhairle a sholáthar agus moltaí a dhéanamh i dtaca le feidhmiúlacht na Tairsí
- Tuairisciú a dhéanamh do na Ranna agus na Gníomhaireachtaí ábhartha a bhfuil ionadaíocht acu
- Moltaí a dhéanamh i dtaca le hinneachar an tsuímh agus an chaoi a ndéanfar é seo a bhainistiú ar bhonn leanúnach
- An Tairseach a chur chun cinn agus ionadaíocht a dhéanamh chun a leasa
- Léargas agus faisnéis shaineolach a sholáthar óna réimsí cleachtais teicniúla, oideachasúla, cruthaitheacha agus ealaíonta féin

**Is féidir na Téarmaí Tagartha a aimsiú ar shuíomh gréasáin na Tairsí www.artsineducation.ie**

*Is rud í an spéis sa chruthaitheacht agus, go háirithe, i luach na cruthaitheachta i dtaca le caighdeán foghlama páistí agus daoine óga a fheabhsú, atá ag scaipeadh anois ar fud na cruinne.*

*Ní hé go bhfuil sé ag tarlú i gcúinní beaga de na healaíona amháin ach is amhlaidh gurb é seo an taithí atá daoine óga a fháil ar an bhfoghlaim, is cuid bhunúsach dá gcuid foghlama go léir é… Nuair a bhíonn tú ag foghlaim mar sin, bíonn tú 100% i láthair.*

*Paul Collard, Príomhfheidhmeannach Creativity Culture and Education (CCE), Lá Náisiúnta Thairseach na nEalaíon san Oideachas, 2018*

# Forbairt na Straitéise seo

Sa bhliain 2020, ceiliúradh cúig bliana ó bunaíodh Tairseach na nEalaíon san Oideachas. Bhraith Coiste Eagarthóireachta na Tairsí gur am cuí a bhí ann chun tabhairt faoi thionscadal taighde le hathbhreithniú a dhéanamh ar scóip agus ar fheidhmíocht Thairseach na nEalaíon san Oideachas. Ar na haschuir a d'eascair as an tionscadal taighde seo, bhí, suirbhé lucht úsáidte, comhairliúchán cáilíochtúil le Fóram Lucht Úsáidte na Tairsí, agus torthaí Iniúchadh Anailísíochta agus Optamaithe Innill Cuardaigh. Threoraigh na haschuir seo an chéad chéim eile.

In 2021, bhí Coiste Eagarthóireachta na Tairsí rannpháirteach i sraith de cheardlanna straitéise arna n-éascú ag saineolaí neamhspleách. Ba iad aschuir na seisiún seo ba bhunús le plean straitéiseach, a ndearnadh é a thástáil ina dhiaidh sin le heochair-chohóirt de pháirtithe leasmhara agus d'úsáideoirí tairsí, agus rinneadh an t-aiseolas s'acusan a ionchorprú sa cháipéis seo. Tá leagtha amach sa straitéis seo na cuspóirí do Thairseach na nEalaíon san Oideachas don chéad chúig bliana eile. Léiríonn sé seo uaillmhian, tiomantas agus diongbháilteacht Choiste Eagarthóireachta na Tairsí chun tacú le pobal na n-ealaíon agus na cruthaitheachta san oideachas.





# Tosaíocht a hAon

## Cur leis an iontaoibh sa Tairseach mar acmhainn bhunúsach dár gcuid úsáideoirí

### Sprioc a hAon

**Inneachar agus clárúchán a choimeád atá cothrom le dáta, ábhartha, intuigthe, insroichte agus tráthúil**

#### Cén chaoi a ndéanfaimid é seo?

- Coincheap an chlárúcháin théamaigh a fhiosrú d'fhonn rannpháirtíocht níos doimhne le topaicí 'reatha' spéise a éascú - an ealaín agus an chruthaitheacht a úsáid d'fhonn comhrá a thionscnamh agus a chothú sna réimsí seo m.sh. Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, Ilchineálacht Chultúrtha
- Treoir a chuimsiú i dtaca le grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána, an chibearshlándáil, íomhánna agus toiliú sonraí i rannán na n-acmhainní againn
- A chinntiú go léirítear eispéireas saoil páistí agus daoine óga agus go léirítear guth an pháiste /duine óig go díreach trí inneachar ábhartha

### Sprioc a Dó

**Cultúr malartaithe a fhorbairt lenár bpiaraí in éiceachóras na n-ealaíon agus na cruthaitheachta san oideachas, ó thaobh an dea-chleachtais in Éirinn agus na nuálaíochta ar bhonn idirnáisiúnta de**

#### Cén chaoi a ndéanfaimid é seo?

- Clár taighde a fhorbairt agus acmhainní a chur ar fáil dó lena chinntiú go mbímid réamhghníomhach i dtaca le bheith ag coinneáil suas le agus ag comhroinnt dea-chleachtais
- Dul i gcion ar eochair-pháirtithe leasmhara, lena n-áirítear páistí agus daoine óga, le caighdeán ár n-inneachair
- Cuireadh a chur do phiaraí agus peirspictíochtaí idirnáisiúnta chun labhairt ag an Lá Náisiúnta againn
- Machnamh a iarraidh ar bhonn rialta ar lucht ár n-úsáidte (ealaíontóirí, múinteoirí agus daoine óga)

### Sprioc a Trí

**Freastal ar riachtanais ár gcuid úsáideoirí, a chinntiú go n-aibhsíonn agus go gcíorann ár n-inneachar ceisteanna ábhartha do chleachtóirí ar an láthair**

#### Cén chaoi a ndéanfaimid é seo?

- Iniúchadh a dhéanamh ar inneachar agus ar acmhainní reatha atá ar fáil d'úsáideoirí, agus bearnaí a shainaithint
- Leas a bhaint as Fóram Lucht Úsáidte na Tairsí agus seisiúin phiarmheasúnaithe chriticiúla a reáchtáil d'fhonn caighdeán agus dualgas cúraim ár n-inneachair a fheabhsú
- Suirbhéanna leathbhliantúla eispéireas úsáideoirí a reáchtáil agus a chinntiú go ndéantar an t-aiseolas a ionchorprú i bpleananna nuashonraithe eispéireas úsáideoirí
- Bualadh lenár bpobal úsáideoirí ag an áit a bhfuil siad féin, ó thaobh na rochtana do chách de, ag cinntiú go mbímid ag bailiú aiseolais gan bhacainní
- A chinntiú go gcomhlíonann an Tairseach agus a cuid gníomhaíochta go léir RGCS agus gur tosaíocht í an tslándáil gréasáin

#### Cén chaoi a dtomhaisfimid an rathúlacht?

- Aiseolas dearfach ó oideachasóirí, ealaíontóirí agus cleachtóirí cruthaitheacha
- Scóir á bhfeabhsú i rith an ama i suirbhéanna eispéireas úsáideoirí, méadú ar thrácht úsáideoirí agus ar fhreastal ar imeachtaí
- Lúba aiseolais á gcomhtháthú inár ngníomhaíocht ar fad ar líne agus as líne
- Cohórt ard-rannphháirteach de phiaraí agus de pháirtithe leasmhara
- Cuimsiú oibre ar an tairseach ina bhailíochtú

# Tosaíocht a Dó

## A chinntiú go mbíonn an Tairseach agus a cuid clár ionchuimsitheach agus go gceiliúrtar an ilchineálacht, le gach aon pháiste agus duine óg in Éirinn a léiriú

## Sprioc a hAon

**Ionadaíocht ilchineálach trínár gcuid gné-thionscadal agus gné-chomhpháirtíochtaí agus cothromaíocht de rannpháirtíocht ó scoileanna faoi ghannionadaíocht, inscní, grúpaí imeallaithe, bunús geografach, suíomhanna oideachasúla agus cleachtóirí cruthaitheacha**

### Cén chaoi a ndéanfaimid é seo?

- An teoiric 'you cannot be what you cannot see' a chur i bhfeidhm trí bheith ag féachaint, go réamhghníomhach, le healaíontóirí agus cleachtóirí cruthaitheacha a mhealladh a léiríonn ilchineálacht phobail na scoileanna agus trína iarraidh ar chleachtóirí faoi ghannionadaíocht ábhair gné-thionscadail a chur isteach

- Feachtais chumarsáide a reáchtáil le scoileanna sprioc-chohóirt d'fhonn rannpháirtíocht a spreagadh, dul i gcion ar an bpobal ag leibhéal áitiúil/réigiúnach d'fhonn cothromaíocht ionadaíochta a chinntiú lastall de lárionaid uirbeacha

- Dul i gcion go gníomhach ar eagrais a dhíríonn ar oiliúint ilchineálachta agus ionchuimsitheacha agus na hiarrachtaí sin a threisiú, a chothú agus a mhéadú aon áit a n-aimsímid iad

## Sprioc a Dó

**Inrochtaineacht mhéadaithe ar ár n-inneachar agus cláir**

### Cén chaoi a ndéanfaimid é seo?

- Inrochtaineacht ar ábhair ar líne agus as líne a uasmhéadú, an rannpháirtíocht as líne a spreagadh aon áit ar féidir

- Na bacainní rochtana atá ann do na healaíontóirí agus cleachtóirí cruthaitheachta sin gan idirlíon/ríomhaire a aithint agus a bheith ag obair le heagraíochtaí tacaíochta eile d'fhonn comhionannas rochtana ar ár gcuid acmhainní a chinntiú

- Leanúint de ghealltanas na Tairsí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla (Arna Leasú) 2021 ach ábhair a chur ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge

- Tiomantas chun Béarla soiléir a úsáid ar feadh an inneachair againn agus féachaint le haistriúcháin a chur ar fáil i dteangacha eile i gcás ábhair faoi leith

## Sprioc a Trí

**Ról éigeantach comhpháirteach na n-oideachasóirí agus na gcleachtóirí cruthaitheacha a bhunú i dtaca le sainmhíniú ar ghuth an pháiste/an duine óig a fhorbairt chun críche ár gcuid oibre**

### Cén chaoi a ndéanfaimid é seo?

- A chinntiú go gcloistear guth an pháiste/an duine óig trí na hábhair a bhíonn againn, cumarsáid páistí agus daoine óga, faoin uile riocht – neamhbhriathartha, fisiceach etc., a aithint mar aon leis an bhfreagracht atá orainne mar dhaoine fásta agus inár gcuid beartas freagairt dá gcuirtear in iúl trí ghuth an pháiste/an duine óig a léiriú


- Polasaí comhairliúcháin chomhairligh óige iomchuí a bhunú don Tairseach faoi 2024, le tacaíocht ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, le go mbeidh grúpa comhairleach óige againn

# Tosaíocht a Dó

## A chinntiú go mbíonn an Tairseach agus a cuid clár ionchuimsitheach agus go gceiliúrtar an ilchineálacht, le gach aon pháiste agus duine óg in Éirinn a léiriú

### Cén chaoi a dtomhaisfimid an rathúlacht?

- Rannpháirtíocht mhéadaithe ó na cohóirt páistí agus daoine óga nach gcloistear a nguth go rómhinic. Mar shampla, páistí agus daoine óga; faoi chúram, de chúlra eitneach mionlaigh, a bhfuil riachtanais speisialta oideachais orthu, a chónaíonn in áiteanna iargúlta tuaithe
- Foilsiú pholasaí Ilchineálachta, Comhionannais agus Ionchuimsitheachta na Tairsí
- Cuirtear Teanga Chomharthaíochta na hÉireann agus teidealú dúnta ar fáil le haghaidh gach imeachta, tras-scríbhinní ar fáil nuair is féidir
- Déantar tosaíocht den inrochtaineacht ag ár Laethanta Náisiúnta agus Réigiúnacha
- Comhlíonfaidh gach dearadh todhchaí den suíomh gréasáin an tAcht Inrochtaineachta
- Suirbhé a reáchtáil ar an inrochtaineacht agus ar bhacainní roimh an rannpháirtíocht
- Méadú ar ábhair a bheidh ar fáil i nGaeilge agus i dteangacha eile ar an Tairseach
- Polasaí comhairliúcháin chomhairligh óige a bheith i bhfeidhm faoi 2024
- Grúpa comhairleach óige a bheith bunaithe don Tairseach faoi 2025
- Acmhainní tiomnaithe a bheith foilsithe ar an suíomh gréasáin faoi ghuth an pháiste/an duine óig
- Gealltanas a thabhairt go léireofaí guth an pháiste/an duine óig trí 40% d'inneachar an tsuímh gréasáin



# Tosaíocht a Trí

## Ról comhoibritheach a ghlacadh maidir le bheith ag tacú le agus ag cur i bhfeidhm na n-ealaíon/na cruthaitheachta san oideachas in Éirinn

### Sprioc a hAon

**Infheictheacht mhéadaithe d'fhairsinge agus de thionchar obair na tairsí in éineacht lenár gcroí-pháirtithe leasmhara maoinithe**

#### Cén chaoi a ndéanfaimid é seo?

- An Tairseach a chur chun cinn go gníomhach mar acmhainn luachmhar don earnáil

### Sprioc a Dó

**Comhpháirtíochtaí comhoibritheacha a dhéanamh le comhpháirtithe éiceachórais lena chinntiú go gcuimsítear guth agus taithí saoil páistí agus daoine óga trínár n-ionadaíocht agus trínár gcuid oibre**

#### Cén chaoi a ndéanfaimid é seo?

- Bheith rannpháirteach i ngníomhaíocht chomhoibritheach aon áit ar cuí d'fhonn forfheidhmiú pholasaí na n-ealaíon agus na cruthaitheachta san oideachas a chur chun cinn
- Faisnéis a fhorbairt agus a chomhroinnt lenár gcuid úsáideoirí ar bhealaí chun guth an pháiste/an duine óig a chuimsiú ina gcleachtas ealaíonta nó cruthaitheach

#### Cén chaoi a dtomhaisfimid an rathúlacht?

- Dhá chomhdháil náisiúnta in aghaidh na bliana, ar a laghad, a chur i láthair
- Méadú ar aighneachtaí i dtaca leis na healaíona/an chruthaitheacht san oideachas i gcomhairliúcháin phoiblí ar cheisteanna ábhartha
- Méadú ar ionadaíocht na n-ealaíon/na cruthaitheachta san oideachas ag comhráite rialtais
- Ionadaíocht do ghuth an pháiste/an duine óig ag an mbord tríd an nGrúpa Comhairleach Óige agus trí ábhar an tsuímh gréasáin
- Tá an Coiste tar éis an tairseach a chur i láthair ag dhá chomhdháil earnála iomraíteacha

# Tosaíocht a Ceathair

## Pobal bríomhar ard-rannpháirteach ealaíon agus cruthaitheachta san oideachas a fhorbairt

## Sprioc a hAon

**Ár bpobal úsáideoirí a leathnú agus a dhéanamh níos ilchineálaí**

### Cén chaoi a ndéanfaimid é seo?

- Moltaí ón athbhreithniú ar an tairseach a chur i bhfeidhm agus an tairseach a athsheoladh agus eispéireas feabhsaithe don úsáideoir, soiléire straitéise agus cuspóir athbheoite ann
- Cur chun cinn agus idirghníomhú a mhéadú thar chainéil meán sóisialta
- Scaipeadh ár gcuid acmhainní agus tionscadal a chinntiú thar gach cainéal ar líne agus as líne, agus a chinntiú go mbaineann siad amach líne thosaigh na múinteoirí, áit ar mó a n-ábharthacht

## Sprioc a Dó


**Rannpháirtíocht a dhoimhniú le gach úsáideoir, níos mó deiseanna a cheapadh don phobal chun naisc a fhorbairt**

### Cén chaoi a ndéanfaimid é seo?

- Clár forbartha agus oiliúna gairmiúla bunaithe ar na healaíona agus ar an gcruthaitheacht a dhearadh agus a fhorbairt dár bpobal úsáideoirí
- Soláthróirí náisiúnta cultúrtha a aithint mar chomhbhaill luachmhara de phobal na n-ealaíon agus na cruthaitheachta san oideachas, caidreamh níos doimhne le Coláistí Náisiúnta na hÉireann a ghiaráil chun nascacht níos mó a fhorbairt
- Uirlisí digiteacha pobail a fhiosrú mar rud a chabhródh lenár bpobal a tharraingt níos cóngaraí dá chéile

### Cén chaoi a dtomhaisfimid an rathúlacht?

- Déanfar plean margaíochta agus rannpháirtíochta a dhearadh agus a sheachadadh
- Rannpháirtíocht mhéadaithe ar ardáin meán sóisialta – 30% ar bhonn bliantúil
- Freastal méadaithe ar imeachtaí de chuid Thairseach na nEalaíon san Oideachas, ar líne agus duine le duine
- Méadú ar úsáideoirí Thairseach na nEalaíon san Oideachas ó bhliain go bliain – 30% ar bhonn bliantúil
- Pobal ard-rannpháirteach gníomhach ag a mbeadh roinnt pointí tagartha ar líne agus as líne trínar féidir teagmháil a dhéanamh agus fianaise go bhfuilimid ag dul i gcion ar mhúinteoirí líne thosaigh
- Clár forbartha agus oiliúna gairmiúla sna healaíona agus cruthaitheacht san oideachas i bhfeidhm faoi 2025. É a phíolótú faoi 2025 agus a rolladh amach go náisiúnta faoi 2027



# Comhthéacs Polasaí Níos Leithne

Comhairle Ealaíon na hÉireann (2008). Comhairle Ealaíon na hÉireann *Pointí ailínithe: Tuairisc an choiste speisialta ar na healaíona agus an t-oideachas*. Bhaile Átha Cliath.

An Roinn Oideachais agus Scileanna & an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, (2012). *Cairt na nEalaíon san Oideachas*

LFOLO & CNCM (2006) Síolta, An Creat Náisiúnta Cáilíochta don Oideachas Luath-Óige

CNCM (2009) Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige

CNCM (2009) Creat Príomhscileanna na Sraithe Sinsearaí

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2015) Creat don tSraith Shóisearach

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2016) AG FÉACHAINT AR AN SCOIL AGAINNE 2016 – Creat Cáilíochta do Bhunscoileanna & d'Iar-Bhunscoileanna

Comhairle Mhúinteoireachta na hÉireann (2016). Comhairle Mhúinteoireachta na hÉireann. *Cosán: Creat d'Fhoghlaim Múinteoirí*. Baile Átha Cliath: Comhairle Mhúinteoireachta na hÉireann

*Cultúr 2025: Creatbheartas Náisiúnta Cultúir go dtí an Bhliain 2025 (RTCEGSM)*: Is é *Cultúr 2025* an creat beartais a shainíonn scóip agus a leagann síos an treo le haghaidh pholasaí an rialtais sa réimse cultúrtha trí chéile. Tá leagtha amach an staid reatha i réimse leathan de chatagóirí ar fud na hearnála cultúrtha, na huaillmhianta atá ag an rialtas do na réimsí sin agus gealltanais an rialtais chun na huaillmhianta sin a bhaint amach. Mar bhonn agus mar thaca faoi *Cultúr 2025*, tá: luach intreach an chultúir; luach na n-ealaíon, an chultúir agus na hoidhreachta dár saol agus dár bpobail, an ceart atá ag gach aon duine a bheith rannpháirteach i saol cultúrtha agus cruthaitheach an náisiúin; agus luach na cruthaitheachta d'fholláine an duine aonair agus na sochaí trí chéile.

Is é an *Clár Éire Ildánach* an phríomhionstraim forfheidhmithe le haghaidh na dtosaíochtaí a sainaithníodh in *Cultúr 2025* – tionscnamh cúig bliana uile-rialtais, ó 2017-2022, a chuireann an chruthaitheacht ag croí an bheartais phoiblí. Is clár cultúrbhunaithe é a dearadh chun folláine aonair, folláine an phobail agus folláine náisiúnta a chur chun cinn. Is é an croí-thátal atá ann go dtiomáineann an rannpháirtíocht i ngníomhaíocht chultúrtha an chruthaitheacht phearsanta agus coiteann, rud a théann chun sochair d'fholláine agus do ghnóthachtáil an duine aonair agus na sochaí. I mí Feabhra, 2022, shocraigh an Rialtas, i bprionsabal, gur cheart leanúint den Chlár Éire Ildánach ar bhonn uile-rialtais don tréimhse 2023-2027.

*Plean Óige Ildánach 2017-2022 (RTCEGSM)*: Foilsíodh an *Plean Óige Ildánach* i mí na Nollag 2017 agus bhí sé d'aidhm aige rochtain phraiticiúil a sholáthar do gach aon pháiste ar theagasc, taithí agus rannpháirtíocht san ealaín, sa cheol, sa drámaíocht agus sa chódú faoi 2022. Fágadh forfheidhmiú an Phlean faoi stiúir an Chláir Éire Ildánach, i gcomhpháirt leis an Roinn Oideachais, an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus an Chomhairle Ealaíon. Tá comharba an Phlean Óige Ildánach, a chlúdóidh an tréimhse 2023-2027, á fhorbairt faoi láthair agus An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (RBATNE) bainteach leis chomh maith.

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2019). *Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais 2018-2023*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Scileanna.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) (2020). *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile*. Baile Átha Cliath: CNCM

Saol Scoile Pháistí na hEorpa (2022) - an staidéar náisiúnta fadaimseartha cohóirt ar an mbunoideachas in Éirinn

CNCM (2022) Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: Tuarascáil Chomhairleach

Is ionann Éire 2040, a foilsíodh in 2018, agus Creat Náisiúnta Pleanála €116 billiún arb é is aidhm leis forbairt na hÉireann a threorú sa 22 bliain atá romhainn. Tá ‘Cultúr, Oidhreacht agus Spórt’ sainaitheanta ann ar cheann de na deich dTosaíocht Infheistíochta Straitéisí atá aige, go háirithe maidir leis an gcaighdeán maireachtála a fheabhsú agus a bheith ag cur leis an ómós áite.

Cuimsíonn an straitéis deich mbliana reatha atá ag an gComhairle Ealaíon, Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh (2016-2025) croíchuspóir chun pleanáil do agus riar ar pháistí agus daoine óga. Cuimsíonn an cuspóir roinnt beart, lena n-áirítear, neadú iomlán Chairt na nEalaíon san Oideachas (2012) a bhaint amach, ag obair i gcomhpháirt leis an Roinn Oideachais agus leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

Féachann Polasaí Comhionannais, Chearta an Duine agus Éagsúlachta na Comhairle Ealaíon, a seoladh in 2019, le ‘hiarracht a dhéanamh chun meas agus tacaíocht a thabhairt do gach guth agus cultúr atá in Éirinn an lae inniu, as gach cuid den tsochaí, ó phobail reatha agus nua agus ó gach cúlra sóisialta, eitneach agus ó gach traidisiún agus a chinntiú go gcuimsítear na guthanna sin.’

Sa pholasaí Luach Saothair don Ealaíontóir acu, a seoladh in 2020, aithníonn an Chomhairle Ealaíon ‘an ról atá aici chun luach saothair agus conraitheoireacht atá cóir agus cothrom a chur chun cinn laistigh de na healaíona’ agus, de bhreis air sin, ‘maidir le hathrú a stiúradh chun cinn trí thabhairt faoi thaighde agus é a roinnt, tacú le gníomhartha forbartha a fheabhsaíonn acmhainn agus trédhearcacht, trí na ceanglais a chuirimid ar dhaoine a fhaigheann maoiniú, agus trínár gcomhpháirtíochtaí agus ár n-obair thacaíochta’.



# Gabhaimid buíochas le

Comhpháirtíocht Foilsitheoireachta Kids' Own, Bainisteoir Reatha na Tairsí
Louise O'Reilly, Comhairleoir Forbartha Straitéisí
Antony Geerts le Seditio Digital, Comhairleoirí Digiteacha
Adrian Wistreich le Strategic Development Resources (SDR), Comhairleoireacht Taighde Margaidh

**agus Coiste Eagarthóireachta na Tairsí 2022:**

**An Dr Katie Sweeney (Cathaoirleach)**
An Stiúrthóir Náisiúnta do Chomhtháthú na nEalaíon san Oideachas (An Roinn Oideachais)

**Helen O'Donoghue**
Coimeádaí Sinsearach: Rannpháirtíocht agus Foghlaim, Áras Nua-Ealaíne na hÉireann
(Ionadaí Encountering the Arts, Ireland)

**Phil Kingston**
Bainisteoir Pobail & Oideachais, Amharclann na Mainistreach
(Ionadaí Chomhairle na bhForas Cultúrtha Náisiúnta)

**Dermot Carney (éirithe as go sealadach)**
Oifigeach Ealaíon, an Cumann Náisiúnta Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha

**Lucina Russell**
Oifigeach Ealaíon, Comhairle Contae Chill Dara
(Ionadaí Chumann Oifigigh Ealaíon na nÚdarás Áitiúil)

**Patrick Coffey**
Comhordaitheoir Náisiúnta, SFGM – Teicneolaíocht san Oideachas/Scoilnet

**Kate Delaney**
Príomhaí Cúnta sa Chlár Éire Ildánach
(Ionadaí na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta)

**Michelle (Shelley) Furlong**
Ionadaí de chuid Scoileanna Ildánacha le Comhairle Ealaíon na hÉireann
(Ionadaí Chomhairle Ealaíon na hÉireann)

**Jennifer Buggie**
Comhairleoir do Chomhtháthú na Cruthaitheachta agus na nEalaíon san Oideachas
(Ionadaí de chuid na Rannóige Beartas Curaclaim agus Measúnachta)

ARTS IN EDUCATION
Na hEalaíona san Oideachas

www.artsineducation.ie
editor@artsineducation.ie
@AiEPortal
@artsedportal_ie
@ArtsEdPortal_ie
@aieportal